5. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagal 85 de na Rialacháin Foirne agus earráid fhollasach measúnachta i ndáil leis an liúntas linbh do C, (i) ag féachaint don fhíoras go bhfuil sé cruthaithe chun sástacht an riaracháin go bhfuil C "á chothabháil i ndáiríre" ag an iarratasóir agus (ii) in éagmais fianaise éigin d'intinn arna líomhain an iarratasóra an riarachán a chur amú d'aon ghnó.

(1) Tagraíonn an t-iarratas san ordú atá á lorg do "an cosantóir" (san uimhir uatha).

Caingean arna tabhairt an 28 Eanáir 2022 – Chambre de commerce et d'industrie territoriale de la Marne en Champagne v EUIPO – Ambrosetti Group (TEHA)

(Cás T-52/22)

(2022/C 128/42)

Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Fhraincis

Páirtithe

Iarratasóir: Chambre de commerce et d'industrie territoriale de la Marne en Champagne (Châlons-en-Champagne, An Fhrainc) (ionadaí: T. de Haan, Dlíodóir)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc: Ambrosetti Group Ltd (Londain, an Ríocht Aontaithe)

Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist: An páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc

Trádmharc faoi cheist: Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh TEHA – Iarratas ar chlárú Uimh. 17 091 091

Nós imeachta os comhair EUIPO: Imeachtaí freasúra

Cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc de EUIPO an 23 Samhain 2021 i gCás R 837/2021 – 4

An t-ordú atá á lorg

Iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc, lena n-áirítear na costais arna dtabhú ag réamhtheachtaí an iarratasóra sa dlí chun críocha na n-imeachtaí os comhair an Cheathrú Bord Achomhairc de EUIPO.

Saincheist dlí

Sárú ar Airteagal 18(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Caingean arna tabhairt an 28 Eanáir 2022 – Chambre de commerce et d'industrie territoriale de la Marne en Champagne v EUIPO – Ambrosetti Group (TEHA)

(Cás T-60/22)

(2022/C 128/43)

Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Fhraincis

Páirtithe

Iarratasóir: Chambre de commerce et d'industrie territoriale de la Marne en Champagne (Châlons-en-Champagne, An Fhrainc) (ionadaí: T. de Haan, Dlíodóir)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc: Ambrosetti Group Ltd (Londain, an Ríocht Aontaithe)

Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

Dílseánach an trádmhairc faoi cheist: Páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc

Trádmharc atá faoi cheist: Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach ar mharc fíortha TEHA – Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach Uimh. 1 404 100

Nós imeachta os comhair EUIPO: Imeachtaí freasúra

Cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc de EUIPO an 23 Samhain 2021 i gCás R 839/2021-4

An t-ordú atá á lorg

Iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc, lena n-áirítear na costais arna dtabhú ag réamhtheachtaí an iarratasóra i dteideal chun críocha na n-imeachtaí os comhair an Cheathrú Bord Achomhairc de EUIPO.

Saincheist dlí arna maíomh

Sárú ar Airteagal 18(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Caingean arna tabhairt an 2 Feabhra 2022 – PS v BEI

(Cás T-65/22)

(2022/C 128/44)

Teanga an cháis: an Fhraincis

Páirtithe

Iarratasóir: PS (ionadaí: S. Orlandi, Dlíodóir)

Cosantóir: Banc Eorpach Infheistíochta (BEI)

An t-ordú atá á lorg

Iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— cinneadh an 12 Iúil 2021 lenar diúltaíodh d'iarratas an iarratasóra arna dhéanamh an 21 Bealtaine 2021 a chur ar neamhní;

— a ordú don Bhanc Eorpach Infheistíochta cúiteamh a íoc don iarratasóir i gcomhair easláine bhuan, ar an uasráta dá dtagraítear in Airteagal 11 den pholasaí árachais AXA, chomh maith leis an liúntas dá dtagraítear in Airteagal 9.1.13 de na forálacha riaracháin agus an suim EUR 24 000 don damáiste neamhábhartha a rinneadh;

— a ordú don Bhanc Eorpach Infheistíochta na costais a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean i gcoinne cinneadh BEI an 12 Iúil 2021 lenar diúltaíodh d'iarratas ar chúiteamh de chuid an iarratasóra arna dhéanamh an 21 Bealtaine 2021, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist.

1. An chéad saincheist, lena n-éilítear sárú ar an gceart bunúsach chun éifeachtacht na slándála sóisialta d'oibrithe de réir bhrí Airteagal 31(1) agus 34(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 12 de Chairt Shóisialta na hEorpa.

2. An dara saincheist lena n-éilítear sárú ar an gceart chun dea-riaracháin, ar an gceart go ndéileálfaí le cásanna laistigh de thréimhse réasúnta agus ar dhualgas BEI cúram a ghlacadh.